



**etb**

Bord Oideachais & Oiliúna  
*Dún na nGall*  
Education & Training Board  
*Donegal*

## *Preas Ráiteas*

### **1. Oscailt Oifigiúil ar an Fhoirgneamh Nua Scoile – Coláiste Ailigh**

Tá an-áthas ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a dhearbhu gurb é [Dé Luain 12 Bealtaine 2014] lá an Oscailt Oifigiúil na Foirgnimh Nua Scoile Coláiste Ailigh ag Cnoc na Móna, Leitir Ceanainn. Sé an Taoiseach, Éanna Ó Coinnigh, T.D., a dhéanfaidh an Oscailt Oifigiúil agus a bheas mar an t-aoi speisialta. Beidh an Searmanas ag tosú ag 11.00 r.n.

### **2 Cinneadh Infheistíochta**

D'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D., ar an 12 Samhain 2012 go mbeadh ochtar (8) scoil nua a dtógáil i seacht gContae dhifriúla tríd an chonradh a bhí curtha ar fáil leis an Chomhpháirtíocht Príobháidí Poiblí (CPP). Bhí Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn mar cheann acu seo.

### **3 Conradh Tógála**

Cuireadh tús le tógáil an foirgneamh nua Coláiste Ailigh i mí na Samhna 2012 ag suíomh do chuid an Bord Oideachais agus Oiliúna ag Cnoc na Móna, Leitir Ceanainn. Rinneadh an obair uile a chríochnú leis na conraitheoirí BAM i dtréimhse de 51

seachtain. Tugadh an Foirgneamh Nua Scoile anonn go dtí an chliaint áitíocht ar an dáta réamhshocráithe 7 Samhain 2013. Mar chuid den Phróiseas CPP , beidh BAM BS (Bainistíocht Saoráidí) freagra as caomhnú ar an Fhoirgneamh Nua seo ar feadh tréimhse 25 bliain.

#### **4 Sceideal Cóiríochta**

Beidh an áis úrscothach seo de thuairim is 3,850 m<sup>2</sup> ábalta le haghaidh 350 dalta. Tá na háiseanna oideachais den scoth chomhlánaithe le cúirt chrua agus limistéir imeartha féir.

#### **5 Buíochais**

Is mian leis an Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall a mbuíochas ó chroí a ghabháil le:-

- a. An tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn, T.D., i dteannta a chuid réamhtheachtaí sa Roinn Oideachais agus Scileanna as an tionscadal seo a thabhairt fhad le céim na tógála.
- b. An Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (GNFA) as a chúnamh leis an soláthar, an tseirbhís bhainistíochta tionscadal agus le comhairle airgeadais ar an tionscadal.
- c. Gach uile dhuine a thug an tionscadal seo chun críoch, sin foireann agus iar-fhoirne an Choláiste féin, an Phríomhoide Micheál Ó Giobúin, Cathaoirleach agus Iar-Chathaoirligh an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall (agus an Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall roimhe sin), an Príomhfheidhmeannach faoi láthair, Seán Puirseil agus na Príomhoifigí Feidhmiúcháin roimhe.

**CRÍOCH**  
**NÓTA d'EAGARTHÓIRÍ**

Bunaíodh Coláiste Ailigh sa bhliain an Dá Mhíle (2000) agus is Gaelcholáiste Dara Leibhéil atá ann. Tagann an Scoil faoi shainchúram an Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall. [Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall roimhe].

Tá Coláiste Ailigh mar cheann de ocht scoil a chuimsíonn an tríú conradh CPP (Beart 3) sa Chlár CPP do Scoileanna tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus atá a sholáthar agus a sheachadadh ag an Ghníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna.